Guí an Phobail

Glaoigheann grá Chríost le chéile muid le go dtiocfaidh athnuachan orainn inár mbaisteadh agus chun muid a aontú le misean na hEaglaise. Cuirimid ár bpaidreacha os comhair Athar ár dTiarna agus ár nAthair chomh maith.

- Inniu geallann muid ár dtacaíocht, ar ngrá agus ár bpaidreacha do Chríostaithe ar fud an domhain: go mbeannaí Dia muid mar aon phobal amháin i dtreo is gur féidir linn lucháir agus beatha an tSoiscéil a thabhairt linn.
- Ar son na misinéirí a sheol an Eaglais sa tír seo amach agus iad siúd ina misinéirí chugainn anois: go mbeannaítear an Eaglais, na pobail, na teaghlaigh, agus na daoine a ghlac leo agus a chuir fáilte roimh an Soiscéal a d'fhógair siad.
- Ar son ár dteaghlach féin: ag gabháil buíochais dóibh, iarraimid ar Dhia leanacht ag beannú muid, go háirithe daoine inár measc atá tinn, faoi bhrú, buartha, nó i ngá.
- Tar éis stoirm na seachtaine seo: gabhaímid buíochas as a tháinig slán tríd an stoirm, agus as an tacaíocht agus an tuiscint idir dhaoine agus idir phobail a spreag an ghéarchéim.
- Ar son misinéirí nach maireann agus ár mairbh ar fad: go gcuire an Tiarna fáilte rompu isteach i solas neimhe.

Liotúirge na hEocairiste

Os Cionn na nOfrálacha

Féach ar ofrálacha do phobal, a Dhia, agus deonaigh go mbeadh an iliomad dóibh a chreideann ionat ina gcine tofa, ina muintir naofa, ina pobal a cuireadh ar leithrigh. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Rúndiamhair an chreidimh.

Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo, fógraimid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

Iarchomaoineach

Gúimid go naomhóidh ár rannpháirtíocht ag bord na hEocairiste muid, a Thiarna. Deonaigh, trí Shacraimit na hEaglaise, go mbeadh lúcháir an tslánaithe, a tugadh chun críche ar an gCrois ag d'Aonghin Mac, le fáil ag na náisiúin uile. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

LOTTO 50/50 d'Athchóiriú Chill Treasa, Ros a' Mhíl

Buaiteoir 14/10/17: Ann Dara Beag, Ard Mhóir €1,954.
Duais an Dióltóra: Óstán Chuan, €50.
Comhghairdeas/Buíochas.

Oíche Oscailte ag Coláiste Chroí Mhuire, An Spidéal Déardaoin 26ú Deireadh Fómhair ó 7pm-9pm. Fáilte roimh scoláirí nua 2018/2019 agus a gcuid tuismitheoirí ar an oíche.

Le tacaíocht ón GRETB, tá **Cúrsa Ríomhaireachta** (leibhéal II) á eagrú ag Cumann Forbartha Chois Fharraige, le cur ar chumas daoine usáid a bhaint as ríomhairí sa ghnáth saol idir an idirlíon, email, skypeáil, etc. Beidh an cúrsa seo feiliúnach do dhaoine a rinne an bunchúrsa cheana agus ar mhaith leo níos mó taithí a fháil agus níos mó a fhoghlaim. Ag tosnú ar an Luan, an 23ú Deire Fómhair. Eolas: 0864048881 nó cumannforbartha@gmail.com.

Fáiltíonn **Bord Stiúrtha Thearmann Éanna** CTR. roimh ainmniúchán ó dhaoine gur spéis leo obair Thearmann Éanna a chur chun cinn. Is féidir foirmeacha léirithe spéise a fháil san Oifig ar an Tulaigh nó ar suíomh idirlíne www.tearmanneanna.ie. Seolfar na foirmeacha comhlánaithe chuig: An Rúnaí, Tearmann Éanna CTR, An Tulaigh, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe., roimhe an 5.00in ar an Aoine 3ú Samhain 2017.

Oilithreacht chuig Fatima (Gaillimh/Clár) 28 Márta - 2 Aibreán 2018 ó Aerfort B.Á.C. Fr. Kevin O'Boyle. €599pps. Eolas: James Treacy 086 0572216 / 061 921470 tar éis 9pm.

Lá Clainne

Dé Domhnaigh 22/10 i Halla Pobail Ros a' Mhíl 12.00pm – 3.00pm. Scoil Cholmcille i gcomhair le Naíonra Ros a' Mhíl. €10 an clann. Comórtas dearadh pumpkin (€2); Díolachán cácaí & raifil; Cluichí Oíche Shamhna; Maisiúchán cácaí beaga; Gníomhaíochtaí éagsúla; Picnic teidí do pháistí óga; Péinteáil aghaidheanna; Aoi speisialta: Dora, Spongebob; Culaith bhréige (roghnach); Spraoi & Spórt; Craic & Comhluadar.

Bain spraoi as! Bí ag damhsa! Fáilte roimh cách. (Daoine fásta chomh maith le daoine óga) Coláiste Chonnacht tráthnóna Dé Máirt. Eolas: Amanda 089 984 1752

RAINBOWS - Clár 9 seachtain do ghasúir ag plé leis an mbrón/ leis an gcaillteanas; Diocesan Pastoral Centre, Newtownsmith, Gaillimh; Ag tosú ar an Luan 15 Eanáir 2018 ó 6.30p.m - 7:30p.m. Eolas: 091-565066/091-565080 rainbowsgalway@gmail.com

Traenáil do Mhineastrálaithe na hEocairiste do dhaaoine le suim: Ionad Deoise na Gaillimhe, Newtownsmith, Déardaoin 26 D. Fómhair 2017 ag 7:30p.m. leis an Ath. Gerard McCarthy. Le d'ainm a chur síos: 091-565066 nó pastoral@galwaydiocese.ie

Cúrsa 6 seachtaine in Úsáid Ríomhairí: Ag tosú ag 7.00pm an Luan seo **23ú Deire Fómhair,** i Seanscoil Sailearna. An cúrsa eagraithe ag Cumann Forbartha Chois Fharraige le tacaíocht an GRETB. Eolas: 0864048881 nó cumannforbartha@gmail.com.

Pleanáil Teanga: Cruinniú tábhachtach ag Fóram Chois Fharraige um Phleanáil Teanga ar an **Luan** seo, 23 Deireadh Fómhair ag tosú ag 20.00 sa Chrann Taca (ITT), ar chúl Séipéal an Chnoic. Iarrtar ar ionadaithe na n-eagraíochtaí atá páirteach sa bhFóram a bheith i láthair.



Paróiste An Spidéil
Domhnach na Misean
22 Deireadh Fómhair 2017

Ath. Séan Mac Aoidh
F*ón:* 553155 / www.cilleinde.ie
Ríomhphost: cilleinde@eircom.net

Ofrálacha
14/15 D. Fómhair
An Spidéal: €584
Minna: €135
Ros a' Mhíl: €144
CURA €150

Míle Buíochas

Aifrinn & Intinní na Seachtaine

✠ Cill Éinde, An Spidéal			
Dé Sathairn	21ú	6:00pm	*Missa Pro Populo*
Dé Domhnaigh	22ú	11:00am	Pat Phádraig Tom Ó Conghaile & a bhean Máire, *Leitir Péic*
Dé Luain	23ú	9:30am	
Dé Céadaoin	25ú	7:00pm	
Déardaoin	26ú	9:30am	
Dé Sathairn	28ú	6:00pm	(1) Sr. Angels Ní Churraoin, *Cnocán Glas* (2) Micheal Ó Droighneáin, *Baile Éamoinn (5 bl.)*
Dé Domhnaigh	29ú	11:00am	
✠ Cill Treasa, Ros a' Mhíl			
Dé Sathairn	21ú	7:30pm	Bernard Morris, *Londain*
Dé Sathairn	28ú	7:30pm	Maggie Uí Dhonnchú, *Na Doireadha (1 bl.)*
✠ Cill Mhuire, Na Minna			
Dé Domhnaigh	22ú	9:30am	*Aifreann Cinn Mhíosa:* Peigí & Máirtín Ó Neachtain, *Cartúr Leathan*
Dé Domhnaigh	29ú	9:30am	Peg Uí Chualáin *Béal an Átha/Norwood, Boston, U.S.A.*

Meas cuí agus ceart ar gach rud de réir mar a thuilleann.

D'fhoghlaim muid le linn na seachtaine seo caite sna stoirmeacha a bhuail an tír go mbíonn muid mall amanta chun glacadh le comhairle agus le rabhadh nuair a fhógraítear contúirt. Cé gur tugadh rabhadh dearg don Luan, agus gur dúnadh na scoileanna, siopaí, clinicí 7rl, agus gur moladh dúinn fanacht istigh, ní raibh meas ag chuile dhuine ar an gcontúirt ná ar an rabhadh, ná ar na seirbhísí tarrthálá a bhí ar fáil i gcás éigeandála. Bhí siad cineál a rá 'Muna fheicim contúirt, níl aon chontúirt ann', agus ag léiriú an meon aigne sin, "Táim in ann mé féin a láimhseáil."

Nuair nach dtagann rabhadh isteach fíor (abair nár bhuail an stoirm mar a bhí geallta), bíonn sé an-éasca neamhaird a thabhairt don chéad rabhadh eile a thagann. Éiríonn muid míchúramach. Bíonn muinín thar chiall orainn. Tógann muid seansanna. Ach, cé nár bhuail an stoirm go dona anseo, tá a fhios againn go raibh an t-ádh linn anseo. Mar sin, is fearr a bheith ró-chúramach roimhré in ionad a bheith brónach i ndiaidh an ama.

Tá abairt sa Soiscéal inniu, "Íocaigí le Caesar na nithe is le Caesar agus le Dia na nithe is le Dia." Ar bhealach, tá sé sin a rá linn inniu, "Bíodh meas cuí agus ceart agaibh ar gach rud de réir mar a thuilleann", agus go háirithe, b'fhéidir, ar rudaí níos láidre má muid. (Go minic, ní fheiceann muid na contúirtí thart orainn.)

Ag deireadh na bliana, bliain na hEaglaise, treoraíonn na parabail a insíonn Íosa sna léachtaí Aifrinn muid chun a bheith réidh don lá deireannach. Tagann sé mar rabhadh: Bígí aireach! Bígí ar faire. Níl a fhios agaibh cén t-am a thiocfaidh sé. Is é meon aigne an Chríostaí (1) go mbeadh meas againn ar na contúirtí a mharaíonn spiorad an Tiarna ionainn agus a chaitheann muid siar sa mbeatha mórála, agus (2) nach beadh muid ag smaoineamh go bhfuil muid in ann muid féin a láimhseáil sa gcathú gan grásta Dé. Ní féidir a bheith ag braith ar an Tiarna chun muid a shábháil ó chontúirt daonna nó spioradálta má théann muid ag damhsa léi go mhístuama, go hamaideach, agus gan meas.

Loinneog don Iontróid – Eoin 17:20-21
A Athair, guím ar son na ndaoine a chreidfidh ionam, ionas go mba aon iad go léir ionainn, i dtreo go gcreidfidh an saol gur chuir tú uait mé.

Gníomh Aithrí
A Thiarna Íosa, tháinig tú chun bealaí an cheartais agus na síochána a thaispeáint dúinn: A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

A Thiarna Íosa, tháinig tú chun muid a shlánú agus chun ár bpeacaí a mhaitheamh: A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**

A Thiarna Íosa, tháinig tú chun go mbeadh an bheatha againn go fial: A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacai dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

An Ghlóir
Glóir do Dhia sna harda,
agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.
Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;
tugaimid glóir duit;
gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;
a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.
A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,
tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.
Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.

Urnaí [Aifreann don Eaglais Uilíoch]
A Dhia shíoraí uilechumhachtaigh, a nochtaigh do ghlóir i gCríost do na náisiúin uile, breathnaigh ar oibreacha do thrócaire, chun go mbeadh d'Eaglais Naofa, scaipthe ar fud an domhain, buanseasmhach le creideamh daingean ag dearbhú d'ainm. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

An Samhain—Mí na Marbh

Nóibhéine na Marbh 2-10. Clúdaigh fágtha amach an deireadh seachtaine seo. Is féidir iad a fhágáil isteach ón tseachtain seo chugainn. Paidrín sna reiligí ar an Domhnach 5ú.

Liotúirge an Bhriathair

An Chéad Léacht
Sliocht as leabhar Ísáia fáidh - 45:1, 4-6
Seo mar a deir an Tiarna lena Ungthach, Curus,
an té ar rug sé ar láimh dheas air
chun na ciníocha a leagan ina fhianaise
agus criosanna na ríthe a ghlanadh,
chun na comhlaí a bhriseadh isteach os a chomhair
ionas nach mbeadh na doirse dúnta níos mó:
'Is de bharr mo shearbhónta Iácób
agus Isráél, mo rogha,
a ghlaoigh mé i d'ainm ort,
ag tabhairt gradaim duit agus gan aithne agat orm.
Is mise an Tiarna, níl mo leithéid eile ann;
ach mise amháin, níl aon dia ann.
Gan aithne agat orm, tá tú do do chur i mbun airm agam ionas go mbeidh a fhios ó éirí go luí na gréine gur neamhní an uile rud ach mise amháin.'
Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Salm le Freagra – Sm 95
Fr: Luaigí leis an Tiarna clú agus cumhacht.

1. Canaigí amhrán nua don Tiarna;
   canaigí don Tiarna, a thalamh go léir.
   Insigí a ghlóir i measc na gciníocha
   agus a éachtaí do na náisiúin uile. *(Fr)*

2. Is mór é an Tiarna is is díol molta é,
   is díol eagla thar na déithe go léir é;
   ní dada iad déithe na gciníocha.
   Is é an Tiarna a rinne na flaithis. *(Fr)*

3. Luaigí leis an Tiarna, a chlanna na gciníocha,
   luaigí leis an Tiarna clú agus cumhacht,
   luaigí leis an Tiarna glóir a ainm.
   Tugaigí bhur dtabhartais isteach ina chúirteanna.*(Fr)*

4. Tugaigí adhradh don Tiarna ina theampall.
   Bí ar crith ina láthair, a thalamh.
   Fógraígí do na ciníocha: 'Tá an Tiarna ina Rí.'
   Tabharfaidh sé breith chóir chothrom ar na daoine. *(Fr)*

An Dara Léacht *Teasalónaigh 1:1-5.*
Sliocht as céadlitir N. Pól chuig na Teasalónaigh
Pól agus Silvánas agus Timóteas ag beannú don phobal Teaslónach a chreideann i nDia an tAthair agus sa Tiarna Íosa Críost. Grásta chugaibh agus síocháin.

Ní stadaimid ach ag gabháil buíochais le Dia mar gheall oraibh uile agus ag cuimhneamh oraibh inár n-urnaithe. Cuimhnímid gan staonadh ar an gcuma ina gcuireann sibh bhur gcreideamh i ngníomh, ar an saothar a spreagann an grá ionaibh agus ar a sheasmhacht atá bhur ndóchas as an Tiarna Íosa Críost. Tá a fhios againn, a bhráithre, go bhfuil gean Dé oraibh agus gur roghnaigh sé sibh in bhur bpobal aige féin, mar ní le briathra béil amháin a thugamarna an Dea-Scéal chugaibh ach le cumhacht agus le lándeimhniú an Spioraid Naoimh.
Briathar an Tiarna. **Buíochas le Dia.**

Alleluia, alleluia!
Is spiorad agus is beatha iad d'fhocail, a Thiarna;
is agatsa atá briathra na beatha síoraí.
Alleluia!

Soiscéal Matha 22:15-21
Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha
Glóir duit, a Thiarna.
D'imigh na Fairsínigh ag déanamh comhairle le chéile chun go mbéarfaidís i ngaiste ar Íosa sa chaint, agus chuireadar a ndeisceabail féin chuige mar aon leis na Héaródaigh chun a rá leis: 'A Mháistir, tá a fhios againn gur fear fírinneach thú agus go múineann tú slí Dé san fhírinne gan beann agat ar dhuine ar bith agus gan féachaint do phearsa seachas a chéile. Abair linn do bharúil, mar sin: An dleathach cáin a íoc le Céasar nó an mídhleathach?' Ach bhí a fhios ag Íosa an mhallaitheacht a bhí iontu agus dúirt: 'Cad ab áil libh ag baint trialach asam, a bhréagchráifeacha? Taispeánaigí bonn na cánach dom,' agus shín siad déanar chuige. Dúirt sé leo: 'Cé hé arb í seo a íomhá agus a inscríbhinn?' 'Céasar,' ar siad leis. 'Maith go leor,' ar seisean leo, 'íocaigí le Céasar na nithe is le Céasar agus le Dia na nithe is le Dia.'
Soiscéal an Tiarna. **Moladh duit, a Chríost.**

Jesus is not fooled by the Pharisees and Herodians' flattery, but sees through it to their malice and hypocrisy. These vices lead to a false dichotomy between earthly and divine kingdoms. Goodness and truth lead us to recognize our place and proper conduct in both kingdoms. When earthly kingdoms are guided by God's values and ways, they are no less than the spatial presence here and now of God's kingdom. And we pay only one tax: the self-giving that bears the image of Jesus.
***Connecting the Gospel……to the first reading*:** God uses earthly realms, as in the case of Cyrus the Persian who liberates the Jews from Babylonian captivity, to further the presence of God's kingdom. There need be no opposition between them. And when there is, it's due to human malice and hypocrisy.
***…to our experience*:** Sometimes what we owe to God can put us in conflict with the civil authority, for example, conscientious objection to war, policy decisions concerning poverty and environment, etc. When conflicts arise, is it Caesar or is it God we serve? **www.liturgy.slu.edu**

An Chré
Creidim in aon Dia amháin,
an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.
Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,
Mac Aonghine Dé,
an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,
Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;
an té a gineadh agus nach ndearnadh,
agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:
is tríd a rinneadh an uile ní.
Ar ár son-na, an cine daonna,
agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.
Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é
i mbroinn na Maighdine Muire
agus ghlac sé nádúr daonna.
Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Pióláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.
D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.
Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,
le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.
Creidim sa Spiorad Naomh,
Tiarna agus bronntóir na beatha,
an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.
Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.
Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.
Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.
Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,
agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.

Bailiúchán speisialta an deireadh seachtaine seo: **Scaipeadh an Chreidimh.**
Ag tacú leis an Soiscéal a fhógairt sa domhan mar a ghlaoigh an Tiarna orainn a dhéanamh. Clúdach corcra sna boscaí beaga; bosca ag an doras do dhaoine eile.

Taispeántas Saothair, Díolachán Cácaí agus Raifil ar son na Misean
i Meánscoil Shailerno, Br. Threadneedle, Br. na Trá. Dé Domhnaigh seo (22ú) 10am—5pm. Beidh cainteoirí i láthair.

Paidrín ar son na Misin
Dé Domhnaigh i gCill Éinde @ 7:30pm